C/2025/5170

23.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5170)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Lucanica di Picerno'

PGI-IT-02313-AM01 — 30 Meitheamh 2025

1. **Ainm an táirge**

'Lucanica di Picerno'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An Ballstát ar leis an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC Lucanica di Picerno:

— níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b), i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná an nasc dá dtagraítear in Airteagal 5(2), pointe (b), i dtaca le tásca geografacha faoi chosaint; agus

— níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

1. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 2.4, mír 1, den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach raon meáchain idir 110,1 kg agus 180,0 kg le haghaidh conablaigh throma muc, lena n-ionadaítaer an critéar maidir leis an meán-bheomheáchan in aghaidh na baisce a thugtar san abairt dheireanach d'Airteagal 2.4 den tsonraíocht táirge.

Cúis: Leis an leasú, baintear paraiméadar an bheomheáchain in aghaidh na baisce muc, rud nach bhfuil chomh beacht céanna, agus ionadaítear é le paraiméadar an mheáchain chonablaigh ar leithligh, arna sheiceáil go hoibiachtúil agus go beacht le haghaidh gach muice tráth a maraithe. Tá an méadú ar mheáchan nasctha leis an treocht atá ann faoi láthair i bhfeirmeoireacht muc na hEorpa mar thoradh ar ghéineolaíocht, ar leas ainmhithe agus ar chothú feabhsaithe.

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 2.4, mír 4, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, déantar an chéim a thuairiscítear sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair mar 'chéad chéim' de bheathú a shainmhíniú mar 'chéim fáis', agus sonraítear gurb é an fás an chéim tar éis diúil agus tar éis scoite.

Cúis: Is iomchuí an chéim sin a shainmhíniú mar 'chéim fáis' chun a shoiléiriú go dtagann an chéim sin tar éis na gcéimeanna diúil agus scoite, ar lena linn a fhéadfar na muca a bheathú le gach amhábhar a cheadaítear leis na rialacha atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíontar a riachtanais chothaitheacha, leasa ainmhithe agus sláinte.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

3. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 2.4, mír 4, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, méadaítear an meáchan uasta i ndeireadh na chéad chéime – ar a dtugtar 'an chéim fáis' anois – ó 80 kg go 85 kg.

Cúis: Tá an méadú sin nasctha le forbairtí sa ghéineolaíocht agus sa chothú, agus le cur i bhfeidhm caighdeán leasa ainmhithe (Treoir 2008/120/CE), a bhfuil feabhas ginearálta ar acmhainneacht fáis muc mar thoradh orthu.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 2.4, míreanna 4 agus 5, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cumasctar an dá chuid maidir le 'Beathaí a cheadaítear sa chéad chéim' agus 'Beathaí a cheadaítear sa dara céim an chéim mhéathaithe in "Tábla na n-amhábhar ceadaithe" aonair, a tugadh isteach le haghaidh na céime fáis agus atá le húsáid le haghaidh na céime méathaithe freisin.

Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do "arbhar Indiach" san Iodáilis a thuilleadh mar "*mais*" ach ina ionad sin mar "*granturco*";

— tagraítear do "seimilín" anois mar "min";

— tagraítear do "min mheidic na mbó dhíhiodráitithe" anois mar "meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)";

— ní thagraítear do "asbhrúchán rois" in Iodáilis a thuilleadh mar "*expeller di lino*" ach ina ionad sin mar "*panello di lino*", agus cuireadh na nithe seo a leanas leis: "beatha asbhrúcháin rois", "min rois", "beatha mine rois";

— tagraítear do "phrabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíontaí cothaitheacha" anois mar "laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin";

— tagraítear do "ghiosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula" anois mar "giostaí";

— tagraítear do "mhin úsctha ginidín arbhair Indiaigh" (agus an focal "*mais*" á úsáid san Iodáilis) anois mar "mhin ginidín arbhair Indiaigh" (agus an focal "*granturco*" á úsáid san Iodáilis);

— tagraítear do "thriosc driogaireachta" anois mar "thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha".

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— "carúib as a bhfuil na clocha bainte";

— "líseáití próitéine";

— "prátaí díhiodráitithe";

— "casabhach";

— "laíon biatais brúite agus sadhlasaithe";

— "min seasamain";

— "min úsctha cnó cócó".

Scriosadh an focal "coirce" ón gcatagóir "mionghránaigh".

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— "bláthach" le haghaidh na céime fáis amháin (rud a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh an chinn in aghaidh an lae d'ábhar tirim);

— "min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair" (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— "arbhar Indiach" (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— "sorgam" (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— "eorna" (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— "cruithneacht" (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— "triteacál" (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— "laíon biatais díhiodráitithe" (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— "meidic na mbó, triomaithe ag teocht ard" (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %);

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas isteach:

— “min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair”, le linn na céime méathaithe freisin;

— “sadhlas arbhair Indiaigh”, le linn na céime méathaithe freisin;

— “min arbhair Indiaigh lándéise”;

— “triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha”, le linn na céime méathaithe freisin;

— “beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois”;

— “lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu”, le linn na céime méathaithe freisin;

— “táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh”;

— “pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe”, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar “piseanna agus/nó síolta léagúim eile” ina dhá iontráil: “piseanna” agus “síolta léagúim eile”, agus méadaíodh na cainníochtaí (“piseanna” suas le 25 % agus “síolta léagúim eile” suas le 10 %).

Maidir le “min gráin agus/nó déise arbhair”, sonraíodh go mbaineann sé sin le “gráin arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair”.

Tugtar “táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh” ar “min úsctha soighe” anois, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon a chaighdeánú ag suas le 20 %.

Athraíodh “min lus na gréine” go “táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh”, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

I nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus síol ráibe a úscadh.

Leasaíodh an tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, lena scriostar an tagairt don chéatadán 10 %.

Cuireadh isteach an rogha mianraí, vitimíní agus breiseáin a úsáid.

Tugadh isteach tagairt do bheatha tirim a thabhairt.

I nóta 2, rinneadh an sainmhíniú ar “thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha” níos soiléire.

De bhreis ar an uasteorainn 2 % i gcás aigéad líonoiléach, tugtar isteach leis an leasú uasteorainn amhshaille 5 % d’ábhar tirim san aiste bia.

Cúis: Trí “Thábla na n-amhábhar ceadaithe” cumaiscthe a chur isteach le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, tá sé níos éasca an tsonraíocht táirge a léamh.

Athraíodh ainmneacha na n-amhábhar i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1017. Is gá an téarmaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar an gcineál amhábhair dá dtagraítear.

Scriosadh an tagairt do “choirce” toisc go dtagann sí faoin gcatagóir “mionghránaigh”.

Scriosadh “carúib as a bhfuil na clocha bainte”, “líseáití próitéine”, “prátaí díhiodráitithe”, “casabhach”, “laíon biatais brúite agus sadhlasaithe”, “min seasamain” agus “min úsctha cnó cócó”, toisc gur ar éigean a úsáidtear na hamhábhair sin i mbeathú muc trom ar chúiseanna teicniúla nó cúiseanna a bhaineann le cáilíocht nó toisc go bhfuil sé deacair iad a fhoinsiú nó go bhfuil luach íseal cothaitheach iontu.

Méadaíodh an céatadán ag a bhféadfar “min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair” a úsáid toisc gur amhábhar é a bhfuil cion ard próitéine ann, tá sé úsáideach san aiste bia (garbhphróitéin) agus tá sé an-díleáite.

Méadaíodh an úsáid a bhaintear as “bláthach” (le linn na céime fáis), “arbhar Indiach”, “sorgam”, “cruithneacht”, “triteacál”, “laíon biatais díhiodráitithe”, “meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)” agus “táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh” toisc go raibh na hamhábhair sin mar bhunús i gcónaí le haistí bia traidisiúnta muc trom agus chomh maith leis sin, i bhfianaise na bhfeabhsuithe atá déanta in earnáil na beatha le 10 mbliana anuas, toisc go gcuidíonn siad le hiontógáil snáithíní agus feidhmeanna ríthábhachtacha na muc a fheabhsú.

Tugadh isteach úsáid “lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu” le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, ós rud é gur cuireadh an teorainn nua 5 % ar shaill san ábhar tirim san aiste bia leis an teorainn 2 % ar aigéad líonoiléach, áirithítear, má úsáidtear blonag le linn na céime méathaithe, go bhfuil leibhéal bhrat saille na muc leordhóthanach.

Cuireadh isteach “Pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe” toisc, le linn na céime fáis, go soláthraíonn sé fuinneamh atá fíor-riachtanach chun riachtanais fuinnimh na muc a chomhlíonadh.

Úsáidtear “min arbhair Indiaigh lándéise”, atá fíorlán le snáithín, mar mhalairt ar bhran chun snáithín a thabhairt do na hainmhithe.

Áirithítear leis an méadú ar chéatadán na “bpiseanna” go bhfuil leibhéal bhrat saille na muc leordhóthanach agus, murab ionann agus léagúim eile, go bhfuil tiúchan íseal tosca frithchothaitheacha iontu.

Cuireadh “beatha asbhrúcháin rois”, “min rois” agus “beatha mine rois” isteach toisc gur amhábhair iad atá cosúil le “asbhrúchán rois”, a coinníodh sa tsonraíocht táirge, agus a áirítear i Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Tá “sadhlas arbhair Indiaigh” agus “triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha”, an dara ceann agus é lán le vitimín B, curtha isteach anois le haghaidh na céime méathaithe freisin, agus is amhábhair idéalacha iad lena n-áirithítear leibhéal leordhóthanach brait saille sna muca agus, mar gheall ar a gcion ard snáithín, is fearr go mór a dhéanann muca fásta iad a dhíleá seachas muca óga.

Maidir le “táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh”, tugadh “síol ráibe” isteach sa liosta amhábhar as an nua toisc gur féidir cineálacha nua a roghnú atá saor ó ghlúcóisínealáití agus ó aigéad éarúcach (tosca frithchothaitheacha) a bhuí leis an dul chun cinn sa ghéineolaíocht; cuireadh foclaíocht ar an iontráil chun an struchtúr a úsáidtear le haghaidh táirgí soighe agus lus na gréine a mheaitseáil.

Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. “min síolta ráibe” i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, “min síolta ráibe” agus “beatha mine síolta ráibe”, in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta ráibe a úscadh. Ní féidir na hábhair bheatha ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás go dtugtar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún cothrom le dáta. Leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille iomchuí a áirithiú.

Maidir le “táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh”, rinneadh an céatadán a chaighdeánú ag 20 % le linn na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, chun a áirithiú go bhfuil brat saille na muc oiriúnach chun Lucanica di Picerno a tháirgeadh. Ós rud é gur príomh-shaintréith é cion amhshaille an amhábhair, leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim agus áirítear é sna nótaí a chuirtear isteach tar éis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g.‘min (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, ‘min (pónaire) soighe’ agus ‘beatha mine (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. Liostaítear i Rialachán (AE) 2017/1017 roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh. Ní féidir iad ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás go dtugtar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún cothrom le dáta/go ndéantar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún a leasú.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’(atá socraithe anois ag 10 %): tá cion amhshaille an amhábhair tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil brat saille iomchuí ag na muca atá oiriúnach do tháirgeadh Lucanica di Parma; dá bhrí sin, áiríodh cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann leis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min síolta lus na gréine’ i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, ‘min síolta lus na gréine’ agus ‘beatha mine síolta lus na gréine’, in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh. Ní féidir iad ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás go dtugtar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún cothrom le dáta/go ndéantar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún a leasú.

Leis an tagairt do na lamháltais ar amhábhair aonair, is féidir teacht i gcomhréir leis an reachtaíocht bheatha atá i bhfeidhm, is é sin Airteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009.

Trí fhoráil a dhéanamh maidir le beatha thirim a thabhairt, is féidir leis an bhfeirmeoir an modh atá le húsáid a roghnú.

Le húsáid forlíontaí vitimíní agus mianraí, agus breiseán, áirithítear fás cuí matán agus cabhraíonn sin le díleá agus ionsú cothaitheach.

Soiléiríodh an sainmhíniú ar 'thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha' trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht i bpointe 1.12.9 de Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 2.4, míreanna 4 agus 5, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an gcéim mhéathaithe, tagraítear ar ais do 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' a áirítear sa chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach le haghaidh na céime méathaithe.

Cúis: Leis an leasú, soláthraítear léargas soiléir ar an mbeatha a cheadaítear le linn na céime méathaithe freisin.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

6. *Leasú ar Airteagal 2*

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 2.4, an mhír dheireanach, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, bogtar an fhoráil maidir leis an gceanglas meáchain i gcás muc ón gcéad mhír d'Airteagal 2.4, lena n-ionadaítear an critéar maidir le meán-bheomheáchan in aghaidh na baisce, is é sin 160 kg ± 10 %, agus meáchan conablaigh aonair idir 110,1 kg agus 180,0 kg.

Cúis: Mar thoradh ar an leasú, is féidir na luachanna meáchain i gcás conablaigh aonair muc trom a léiriú go beacht in ionad meán-bheomheáchan 160 kg ± 10 % in aghaidh na baisce, rud a cheadaíonn seiceáil níos beaichte i dtaobh an gcomhlíonann gach muc a mharaítear na ceanglais incháilitheachta.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

7. *Leasú ar Airteagal 7*

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní leasaítear an doiciméad aonair leis.

Tuairisc: Déantar Airteagal 7 (Rialuithe) a scriosadh leis an leasú.

Cúis: Tá gá leis an scriosadh chun teacht i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm – Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

8. *Leasú ar Airteagal 8*

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní leasaítear an doiciméad aonair leis.

Tuairisc: Leis an leasú, déantar Airteagal 8 a athuimhriú mar Airteagal 7, agus fágtar an t-ábhar gan athrú.

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

'Lucanica di Picerno'

Uimh. AE: PGI-IT-02313-AM01 — 30.6.2025

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Lucanica di Picerno'

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

• 16 — ULLMHÓIDÍ FEOLA, ÉISC, CRÚSTACH, MOILEASC NÓ INVEIRTEABRACH UISCEACH EILE NÓ FEITHIDÍ

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Forchoimeádtar an tásc geografach faoi chosaint 'Lucanica di Picerno' le haghaidh an táirge feola ullmhaithe a bhfuil na saintréithe seo a leanas ann:

Saintréithe fisiceacha:

Bíonn cruth cuartha sainiúil 'U' ar 'Lucanica di Picerno'. Bíonn meáchan idir 250 g agus 350 g sa táirge. Bíonn sé idir 3,0 cm agus 3,6 cm ar trastomhas agus idir 20 cm agus 35 cm ar fad.

Bíonn meáchan suas le 1,2 kg i Lucanica di Picerno atá beartaithe le haghaidh slisniú, bíonn sé idir 3,0 agus 3,6 cm ar trastomhas agus idir 40 cm agus 70 cm ar fad

Tréithe orgánaileipteacha:

Dath: nuair a ghearrtar an táirge, bíonn na slisní teann agus ar dhath dearg an rúibín, agus bíonn fíochán saille ann.

Boladh agus blas: tagann sainiúlacht chéadfach an táirge ó dhea-bholadh 'finéal fiáin' (*Foeniculum vulgare*), a shainmhínítear mar bholadh agus iarbhlas síolta finéil, a bhaineann le dea-bholadh 'spíosrach', a shainmhínítear mar bholadh agus iarbhlas piobair (*Piper nigrum*), agus dea-bholadh 'chili' (*Capsicum annuum*), a shainmhínítear mar bholadh agus iarbhlas calóg nó síolta sillí. De réir anailís chéadfach thuairisciúil, níl na dea-bholaithe 'spíosrach' agus 'sillí' chomh dian le dea-bholaithe 'finéal fiáin'.

Ceadaítear leagan spíosrach den táirge, ina mbíonn déine bhraite an dea-bholaidh 'sillí' níos mó, cé nach mór an dea-bholadh 'finéal fiáin' a bheith níos láidre i gcónaí.

saintréithe ceimiceacha agus ceimi-fhisiceacha:

Cion saille idir 18 % agus 35 %;

Cion taise idir 35 % agus 50 %;

Gníomhaíocht uisce (Aw) 0,88 ar a mhéad;

pH idir 5,4 agus 5,8.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is é atá san amhábhar a úsáidtear chun an TGFC 'Lucanica di Picerno' a tháirgeadh feoil úr a fhaightear ó chonablaigh muc trom, a aicmítear amhlaidh laistigh den chatagóir chomhfhreagrach meáchain, idir 110,1 kg agus 180,0 kg, faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; ní mór conablaigh a fhaigheann saoráidí táirgthe teacht faoi réim aicmí E, U, R agus O i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm; déantar muca troma a thógáil ar feadh 9 mí ar a laghad ar bhealach trína mbaintear meáchain arda amach agus trína bhfaightear feoil atá oiriúnach le haghaidh táirgeadh 'Lucanica di Picerno'.

Ní cheadaítear feoil ó na hainmhithe seo a leanas:

1) muca a bhfuil tréithe neamhfhabhracha iontu, ag féachaint go háirithe don ghéin atá freagrach as íogaireacht i leith struis (Siondróm Struis na Muc);

2) cineálacha géiniteacha agus ainmhithe a mheastar a bheith neamhchomhlíontach ar shlí eile chun críocha na sonraíochta táirge seo;

3) ainmithe folaíochta de chuid na bpórtha Muc Lanrásach na Beilge, Muc Hampshire, an Mhuc Pietrain, an Mhuc Duroc agus Muc Bhreac na Polainne.

Seoltar muca atá i mbarr a sláinte lena marú tar éis dóibh 9 mí d'aois a bhaint amach. Ní mharaítear collaigh ná cránacha. De breis air sin, tá toirmeasc ar úsáid conablach nach bhfuil fuilithe go críochnúil nó conablach a bhfuil míopaí follasacha (míopaite liathbhán, bhog, thais; míopaite dhorcha, dhaingean, thirim) nó comharthaí follasacha athlasaithe nó tráma orthu.

Ní fhéadfar 'Lucanica di Picerno' a tháirgeadh ach amháin trí úsáid a bhaint as gearrthacha amhail gualainn (atá díchnámhaithe agus a bhfuil néaróga bainte aisti), muineál, stéig muiníl, bolg, barr luain bhoig agus liamhás mionaithe.

Ceadaítear na comhábhair seo a leanas nuair atá an meascán feola á ullmhú (arna shloinneadh mar chéatadán dá mheáchan iomlán):

— Salann idir 2,0 % agus 2,5 %;

— Piobar sillí éadrom nó te (*Capsicuum annum*) idir 0,1 % agus 0,15 %;

— Síolta finéil fhiáin (*Foeniculum vulgare*) idir 0,13 % agus 0,18 %;

— Piobar dubh (*Piper nigrum*) idir 0,05 % agus 0,1 %;

— Deastrós agus siúcrós 0,5 % ar a mhéad.

Ceadaítear na haidiúvaigh, na breiseáin agus na leasaithigh seo a leanas freisin nuair atá an meascán feola á ullmhú:

— Nítrít sóidiam (E250);

— Níotráit photaisiam (E252): suas le 0,10 g/kg;

— Aigéad ascorbach (E300) suas le 0,1 % nó ascorbáit sóidiam (E301) suas le 0,1 %.

Féadfar ullmhóidí saothrán miocróbach atá ceaptha chun coipeadh a spreagadh (túis ghabhála mhiocróbacha) a chur isteach freisin nuair atá an meascán feola á ullmhú.

Ní cheadaítear comhábhair amhail bainne, táirgí bainne agus comhábhair OGM.

Ní fhéadfar 'Lucanica di Picerno' a tháirgeadh ach amháin trí úsáid a bhaint as gearrthacha amhail gualainn (atá díchnámhaithe agus a bhfuil néaróga bainte aisti), muineál, stéig muiníl, bolg, barr luain bhoig agus liamhás mionaithe.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar gach céim i dtáirgeadh 'Lucanica di Picerno', ó bhearradh na ngearrthacha feola go haibiú an táirge, sa limistéar geografach sainithe.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar 'Lucanica di Picerno' a chur ar an margadh gan bheith pacáistithe nó pacáistithe i bhfolúsphacaí nó pacáistithe in atmaisféar cosanta; féadfar é a chur ar an margadh ina iomláine, i bpíosaí nó mar shlisní.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór lógó an TGFC 'Lucanica di Picerno' agus an tsiombail Eorpach a bheith ar lipéid.

Ceadaítear clibeanna, séalaí agus ábhar faisnéise eile a úsáid, ar choinníoll nach bhfuil rún adhmholta acu ná nach gcuireann siad an tomhaltóir amú.

Chomh maith leis sin, ceadaítear ainmneacha, ainmneacha sealbhaíochta, ainmneacha cuideachta nó trádmharcanna príobháideacha a úsáid, ar choinníoll nach bhfuil rún adhmholta acu ná nach gcuireann siad an custaiméir amú.

Is é seo a leanas lógó an ainmniúcháin:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar táirgeachta 'Lucanica di Picerno' suite i gcríocha Picerno, Tito, Satriano di Lucania, Savoia di Lucania, Vietri di Potenza, Sant'Angelo Le Fratte, Brienza, Balvano, Ruoti, Baragiano, Bella, Muro Lucano, Castelgrande agus Sasso di Castalda.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an iarraidh an TGFC 'Lucanica di Picerno' a chlárú bunaithe ar úsáid shaintréitheach an fhinéil fhiáin atá sa mheascán feola, ar léiríodh i leith a dheá-bholaidh, in anailís chéadfach ar an táirge críochnaithe, gurb é an dea-bholadh sin is mó atá air i gcomparáid leis na comhábhair eile; tá sé bunaithe freisin ar an táirge a bheith á phróiseáil go háitiúil.

Go deimhin, déantar an TGFC 'Lucanica di Picerno' a tháirgeadh trí mhodhanna seanbhunaithe stairiúla a úsáid agus tá a shaintréithe ann mar thoradh ar shraith nasc leis an gcomhshaol, a thuigtear ar bhealach leathan agus lena n-áirítear an toisc dhaonna, an modh táirgthe atá ann leis na céadta blianta agus an idirghníomhaíocht idir na nithe sin.

Tugadh an phróiseáil sa limistéar atá i gceist ó ghlúin go glúin agus forbraíodh saineolas sainiúil a bhuí le táirgeoirí áitiúla a rinne beachtú, le himeacht ama, ar a scileanna teicniúla a bhaineann leis na céimeanna éagsúla, is iad sin:

— cóiriú, i.e. páirteanna a ghearradh den fheoil nach féidir a úsáid amhail néaróga, fíochán tacaíochta agus saill bhog;

— an fheoil a ghearradh ina píosaí beaga agus na píosaí a fhaightear ar an mbealach sin a mhionú;

— an meascán feola a spíosrú;

— ligean don mheascán suí ar feadh tréimhse idir 4 huaire an chloig agus 24 huaire an chloig ionas gur féidir leis na comhábhair meascadh le chéile ar bhealach cothrom;

— an meascán a phacáil i gcásáil nádúrtha, agus dá thoradh sin cruthaítear cruth clasaiceach an ispín 'U'-chruthach.

Bíonn dath dearg an rúibín ar 'Lucanica di Picerno' agus bíonn blas dian, ceannasach síolta finéil sa bhéal ar shlisní den táirge, slisní a bhíonn bog agus teann, mar aon le dea-bholadh spíosrach ó phiobar dubh; rannchuidíonn na tosca sin, agus iad measctha le chéile, lena phróifíl chéadfach shainiúil.

Tagann fianaise ar an bpróifíl chéadfach shainiúil ó anailísí a rinneadh agus úsáid á baint as an modh 'próifíl bhlais', lena léirítear, ar scála measúnaithe líneach neamhstruchtúrtha suas le 100 a léiríonn déine bhraite, go bhfuil an dea-bholadh 'finéal fiáin' níos láidre ná na dea-bholaithe 'spíosrach' agus 'sillí'.

Dá bhrí sin, rannchuidíonn rogha na gcomhábhar, go háirithe finéal fiáin, mar aon le tallann doshéanta an limistéir maidir le táirgeadh feola ullmhaithe, le táirge a chruthú ar féidir é a idirdhealú go héasca i dtéarmaí orgánaileipteacha ó tháirgí áitiúla eile den chineál céanna.

Is iad gnáthdhálaí aeráide na hAipiníní Lúcáineacha atá sa limistéar, is é sin le rá go mbíonn an samhradh te tirim agus go gcuireann sé neart báistí sna séasúir ina dhiaidh sin agus gur minic sneachta ann i míonna an gheimhridh. Is iad na dálaí teochta agus bogthaise sin na príomhthosca a spreagann fás fuinniúil finéil, ar comhábhar é a úsáidtear go traidisiúnta chun 'Lucanica di Picerno' a tháirgeadh. Go deimhin, bhain an t-oideas ó Picerno, de thionscnamh traidisiúin teaghlaigh thuathánaigh, le húsáid an bhlaistithe sin, ag cóimheas de thart ar chéad síol in aghaidh an chileagraim de mheascáin feola, rud a léiríonn gné shainiúil an táirge sin. Is fiú a lua anseo go raibh fíormhargadh finéil fhiáin in Picerno. Bhí síolta an phlanda aramataigh ársa ilbhliantúil sin ann gach áit agus bhailigh agus dhíol daoine scothaosta iad. Faoi láthair, déantar an finéal fiáin a thógáil, i gcoitinne, ón limistéar geografach sainithe ach ní gá go ndéantar amhlaidh i ngach cás.

De bhreis air sin, mar thoradh ar an mbealach ina ndéantar ispíní 'Lucanica di Picerno' a chrochadh go traidisiúnta ar racaí speisialta nuair atá siad á n-aibiú, tugtar an cruth 'U' sainiúil dóibh a idirdhealaíonn an táirge sin ó tháirgí eile go dtí an lá atá inniu ann.

Dá bhrí sin, tá táirgeadh 'Lucanica di Picerno' fréamhaithe go láidir sa limistéar, mar a chruthaítear le láithreacht oibreoirí iomadúla a thugann aire ar leith, agus an fheoil á roghnú agus á próiseáil acu agus na hispíní á n-aibiú acu, de réir na modhanna ceardaíochta a d'úsáid a sinsear, rud a chruthaíonn táirge sainiúil agus a dhearbhaíonn nasc lena n-aontaítear táirgeadh 'Lucanica di Picerno' ó thráth a thionscanta go dtí an lá atá inniu ann.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F8%252Fe%252FD.2a7f5ebb6a8ab465236b/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download